2026/2553

18.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2553 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (EMIR CCP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart é a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint (IO L 322, 12.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2099/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. HARRIS

DRÉACHT

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. …/…

an …

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Leagtar amach i gcreat an chontrapháirtí lárnaigh tríú tír (CPL) tríú tír faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 sásra lena dtugtar de chumhacht don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), tar éis don Choimisiún Eorpach cinneadh coibhéise a ghlacadh, aitheantas a thabhairt do CPL tríú tír chun é a chur ar a chumas do CPLanna den sórt sin seirbhísí a sholáthar d'eintitis de chuid an Aontais. Tar éis CPLanna tríú tír a aithint, leanfaidh ESMA de bheith freagrach as a áirithiú go leanfaidh na CPLanna tríú tír sin de bheith ag comhlíonadh cheanglais an Aontais. I measc nithe eile, tugtar de chumhacht do ESMA faireachán a dhéanamh ar chreataí rialála tríú tír, imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, agus fíneálacha agus pionóis a fhorchur. Agus an creat sin ionchorpraithe i gComhaontú LEE, de réir an réamhshocraithe, ní féidir CPL tríú tír a bhunú i Stát CSTE. Mar sin féin, is féidir le CPL tríú tír áitreabh talún nó gnó a bheith aige atá lonnaithe i Stát CSTE nó seirbhísí nó gníomhaíochtaí áirithe a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtí atá bunaithe i Stát CSTE. Gan beann ar shuíomh na talún, an áitribh gnó nó na dtríú páirtithe sin, tá sé tábhachtach ar mhaithe le sláine agus comhsheasmhacht an chreata CPLanna tríú tír faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nach mbainfear an bonn d'údarás ESMA fiú i gcás ina mbaineann cuspóir a ghníomhaíochtaí nó a dhualgas le heintiteas atá bunaithe i Stát CSTE. Chun údarás ESMA a choinneáil ar bun maidir le CPLanna tríú tír, agus an cur chuige cothrom a leagtar síos i gComhaontú LEE á urramú ag an am céanna, níor cheart d'Údarás Faireacháin CSTE a dhualgais agus a ghníomhaíochtaí a dhéanamh laistigh de Stáit CSTE ach amháin i gcomhar iomlán le ESMA. Aon chinneadh atá le déanamh maidir leis an gcreat seo i gcás inar eintiteas atá bunaithe nó lonnaithe i Stát CSTE ábhar an chinnidh, ba cheart d'Údarás Faireacháin CSTE é a dhéanamh ar bhonn dréachtchinneadh ó ESMA.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar pointe 31bc (Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas leis:

'— **32019 R 2099**: Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 322, 12.12.2019, lch. 1).'

([1]) IO L 322, 12.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2099/oj.

2. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (d):

‘Glacfar cinntí, cinntí eatramhacha, fógraí, iarrataí simplí, cúlghairm cinntí, measúnuithe riosca agus bearta eile de chuid Údarás Faireacháin CSTE faoi Airteagail 25f(1), 25h(4), 25k(1a), 49, 56(2), 58(1), 61(1), 62(3), 63(4), 64(5), 65(1), 66(1), 71 agus 73(1), gan moill mhíchuí, ar bhonn dréachtaí arna n-ullmhú ag ESMA ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d’Údarás Faireacháin CSTE.’

3. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (j):

‘In Airteagail 18, 24a agus 25, tuigfear go dtagraíonn tagairtí d’airgeadraí an Aontais d’airgeadraí oifigiúla Pháirtithe Conarthacha Chomhaontú LEE.’

4. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (j):

‘(ja) In Airteagal 25:

(i) sa chúigiú fomhír de mhír 2b, a mhéid a bhaineann le stáit CSTE, léifear “tabharfaidh an banc ceannais eisiúna fógra freisin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, agus do Bhuanchoiste na Stát CSTE” in ionad na bhfocal “tabharfaidh an banc ceannais eisiúna fógra freisin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle”;

(ii) sa dara fomhír de mhír 6b, cuirfear na focail “Údarás Faireacháin CSTE” isteach tar éis na bhfocal “the Commission”.

(jb) In Airteagal 25c(2), cuirfear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (g):

“(h) Údarás Faireacháin CSTE.”

(jc) In Airteagal 25e, cuirfear na focail “nó Údarás Faireacháin CSTE” isteach tar éis an fhocail “ESMA”.

(jd) In Airteagal 25f:

(i) i mír 1, cuirfear na focail “nó, i gcás tríú páirtithe gaolmhara atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ESMA”;

(ii) i mír 2, cuirfear na focail “nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,” isteach i ndiaidh an fhocail “ESMA”;

(iii) i mír 3, cuirfear na focail “nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ESMA”;

(iv) i mír 3, pointe (g), cuirfear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh “Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010”:

“, nó, i gcás cinneadh arna dhéanamh ag Údarás Faireacháin CSTE, an ceart chun an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.”;

(v) i mír 5, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE an fhaisnéis arna fáil faoin Airteagal seo ar aghaidh gan moill mhíchuí chuig ESMA.”

(je) In Airteagal 25g:

(i) cuirfear an abairt seo a leanas leis i ndiaidh na chéad abairte den chéad fhomhír de mhír 1:

“I gcás tríú páirtithe gaolmhara den sórt sin atá bunaithe i Stát CSTE, féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE, i gcomhar le ESMA, na himscrúduithe is gá a dhéanamh ar na tríú páirtithe gaolmhara sin.”;

(ii) sa dara habairt den chéad fhomhír de mhír 1, sa dara fomhír de mhír 1, agus sa chéad abairt den chéad fhomhír de mhír 2, cuirfear na focail “nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE i gcomhar le ESMA” isteach i ndiaidh an fhocail “ESMA”;

(iii) cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach i mír 1:

“I gcás tríú páirtithe gaolmhara den sórt sin atá bunaithe i Stát CSTE, maidir le hOifigigh ESMA agus daoine eile arna n-údarú ag ESMA, beidh siad i dteideal cúnamh a thabhairt d’Údarás Faireacháin CSTE i gcomhlíonadh a dhualgas faoin Airteagal seo agus beidh sé de cheart acu páirt a ghlacadh in imscrúduithe arna iarraidh sin do ESMA.”;

(jf) In Airteagal 25h:

(i) cuirfear an abairt seo a leanas leis i ndiaidh na chéad abairte den chéad fhomhír de mhír 1:

“I gcás áitreabh gnó, talamh nó maoin de chuid CPLanna Leibhéal 2 agus de chuid tríú páirtithe gaolmhara den sórt sin atá lonnaithe nó bunaithe i Stát CSTE, féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE, i gcomhar le ESMA, na cigireachtaí ar an láthair riachtanacha go léir a dhéanamh ar an áitreabh gnó, ar an talamh nó ar an maoin sin i Stát CSTE.”;

(ii) sa dara fomhír de mhír 1, cuirfear na focail “, nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE, i gcomhar le ESMA” isteach i ndiaidh an fhocail “ESMA”;

(iii) i mír 2 agus sa dara fomhír de mhír 3, cuirfear na focail ", nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh na chéad úsáidí den fhocal "ESMA";

(iv) i mír 2, cuirfear na focail ", nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an dara úsáid den focal "ESMA";

(v) i mír 2, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"I gcás áitreabh gnó, talún agus maoine atá lonnaithe i Stát CSTE agus ar leis na daoine dlítheanacha atá faoi réir cinnidh é, beidh Oifigigh ESMA agus daoine eile arna n-údarú ag ESMA i dteideal cúnamh a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE i gcomhlíonadh a dhualgas faoin Airteagal seo agus beidh sé de cheart acu páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar an láthair ."

(vi) i mír 4, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Maidir le CPLanna Leibhéal 2 a bhfuil áitreabh gnó, talamh nó maoin acu atá lonnaithe i Stát CSTE nó tríú páirtithe gaolmhara dá dtagraítear i mír 1 agus atá bunaithe i Stát CSTE, rachaidh siad faoi chigireachtaí ar an láthair arna n-ordú le cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE. Ní bheidh an cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE bailí ach amháin i gcás na n-áitreabh gnó, na talún nó na maoine sin atá lonnaithe go fisiciúil i Stát CSTE. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir na cigireachta, socrófar ann an dáta a bheidh sí le tosú agus léireofar ann an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá bhforáiltear in Airteagal 25k, mar aon leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú."

(jg) In Airteagal 25k:

(i) cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 1:

"1a. Déanfaidh Údarás Faireacháin CSTE, trí bhíthin cinnidh, íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur chun iallach a chur ar thríú páirtí gaolmhar dá dtagraítear in Airteagal 25f(1) agus atá bunaithe i Stát CSTE faisnéis iomlán a sholáthar, ar faisnéis í a iarradh le cinneadh de bhun Airteagal 25f;"

(ii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i mír 4, léifear "ó Údarás Faireacháin CSTE" agus "Údarás Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "ó ESMA" agus "ESMA" faoi seach.

(jh) In Airteagal 25l:

(i) i mír 1, cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

"Sula n-ullmhóidh ESMA aon dréacht le haghaidh Údarás Faireacháin CSTE maidir le híocaíocht phionósach thréimhsiúil faoi Airteagal 25k, tabharfaidh ESMA an deis do na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí éisteacht a fháil faoina chinntí. Is ar na cinntí sin a raibh deis ag na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí barúlacha a thabhairt ina leith, agus orthu sin amháin, a bhunóidh ESMA a dhréacht.

Is ar na torthaí sin a raibh an deis ag na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí barúlacha a thabhairt ina leith, agus ar na torthaí sin amháin, a bhunóidh Údarás Faireacháin CSTE a chinntí faoi Airteagal 25k.

Ní bheidh feidhm ag an tríú fomhír ná ag an gceathrú fomhír i gcás ina bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun damáiste suntasach agus gar-dhamáiste don chóras airgeadais a chosc. I gcás den sórt sin, féadfaidh ESMA dréacht a ullmhú agus féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE cinneadh eatramhach a ghlacadh. Tabharfaidh ESMA deis do na daoine lena mbaineann éisteacht a fháil a luaithe is féidir tar éis dréacht den sórt sin a ullmhú.";

(ii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i mír 2, léifear "chomhad ESMA agus Údarás Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "chomhad ESMA";

(iii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i mír 2, léifear "doiciméid réamhullmhúcháin inmheánacha ESMA agus Údarás Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "doiciméid réamhullmhúcháin inmheánacha ESMA".

(ji) In Airteagal 25m:

(i) i mír 1, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Déanfaidh Údarás Faireacháin CSTE gach pionós tréimhsiúil a d'fhorchuir sé de bhun Airteaga25k den Rialachán seo a nochtadh don phobal freisin, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa mhír seo a mhéid a bhaineann le ESMA pionóis thréimhsiúla a nochtadh.";

(ii) i mír 3, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"I gcás ina gcinnfidh Údarás Faireacháin CSTE gan aon íocaíocht phionósacha thréimhsiúil a fhorchur faoi Airteagal 25k ar thríú páirtithe gaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 25f(1) agus atá lonnaithe nó bunaithe i Stát CSTE, cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE ESMA, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus Buanchoiste na Stát CSTE ar an eolas dá réir sin agus leagfaidh sé amach na cúiseanna lena chinneadh."

(iii) i mír 5, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Cinnfidh Buanchoiste na Stát CSTE leithdháileadh mhéideanna na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE."

(jj) In Airteagal 49:

(i) sa chéad abairt de mhír 1a, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás CPL atá bunaithe i Stát CSTE, chuig Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh na bhfocal "chuig ESMA";

(ii) sa tríú habairt de mhír 1a agus i míreanna 1b, 1d agus 1e, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás CPL atá bunaithe i Stát CSTE, chuig Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh na bhfocal "chuig ESMA".'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/2099 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an …, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha [2].

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Rúnaithe

Chomhchoiste LEE

[2] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]